SDCC
Comhairle Contae Átha Cliath Theas | South Dublin County Council

# PLEANÁIL ALT 38 – MAOLÚ TRÁCHTA BEARTAITHE SA BHRIOTÁS FAOIN SCÉIM UM ATHGHINIÚINT UIRBEACH

Faoi Alt 38 den Acht um Thrácht ar Bhóithre, 1994, féadfaidh Údarás Bóithre ar mhaithe le sábháilteacht agus áisiúlacht úsáideoirí bóthair bearta maolaithe tráchta a sholáthar is dóigh leis a bheith inmhianaithe i ndáil le bóthar poiblí atá faoina chúram. Tá sé beartaithe ag Comhairle Contae Átha Cliath Theas (CCÁCT) bearta maolaithe tráchta a shuiteáil, ar bearta iad a dhear Oifig Bóithre Náisiúnta Chill Dara, faoi réir maoiniú BIÉ a bheith ar fáil ag na láithreacha seo a leanas:

**Maolú Tráchta ar an N81 ag an mBriotás faoin Scéim um Athghiniúint Uirbeach.**

**Tuairisc ar na hoibreacha:**

- Geataí "maolaithe tráchta" a shuiteáil ag na bealaí isteach ó dheas agus ó thuaidh den sráidbhaile.
- An carrbhealach atá ann cheana a chaolú go 6.5m (ó cholbha go colbha).
- An lána luasmhoillithe ar thaobh na láimhe clé ar an N81 ag an acomhal leis an R114 a bhaint.
- Uasghrádú ar 3 cinn d'Acomhail Taobh-bhóthair (Lána Mhic Dhonncha, R114, agus an Lána Foscúil) a thugann línte radhairc leordhóthanacha agus gathanna casta oiriúnacha.
- Trasrian Coisithe Síogach ardaithe a chur ar fáil i lár an tsráidbhaile.
- Gnéithe tírdhreacha / ingearacha a thabhairt isteach chun éifeacht chaolaithe a chruthú don mhaolú tráchta.
- Foscadáin nua bus a sholáthar agus stadanna bus atá ann cheana a chomhdhlúthú chuig suíomh amháin i lár an Sráidbhaile.
- Cosáin nua a chur ar fáil (agus cosáin atá ann cheana a leathnú) rud a thabharfaidh nascacht níos fearr do choisithe.
- An leasú ar an Lána Foscúil le bheith ar Chlé, ar Dheis Amháin agus teoranta d'Fheithiclí Earraí Éadroma (níos lú ná 3.5 tona in ollmheáchan feithicle).
- Colbhaí a chur isteach ionas go mbeidh colbha ar an bpríomhlíne ar gach aon taobh den N81.
- Uasghrádú ar an gcóras draenála atá ann lena n-áirítear córais Draenála Uirbí Inbhuanaithe i gcás inar oiriúnach.
- Oibreacha Athdhromchlaithe ar an gCosán.
- Uasghrádú ar Shoilsiú Poiblí feadh an N81 idir an dá gheata maolaithe tráchta.
- Bearradh Fálta, baint crann más gá, marcanna bóthair a phéinteáil arís agus cothabháil ar chomharthaíocht atá ann cheana.
- Tírdhreachú agus Limistéir Thaitneamhachta mar chuid de, mionpháirceanna agus spásanna do dhéagóirí agus aitheantas don sean-Tram Gaile ó Bhaile Átha Cliath go Baile Coimín a théadh tríd an gceantar.
- Athlonnú beartaithe ar dhá bhealach isteach chuig páirceanna talmhaíochta faoi gheata agus iad le hathlonnú amach ón N81 go dtí an Lána Foscúil agus an R114 faoi seach

Fógrófar Pleanáil Alt 38 i nuachtán áitiúil a scaipfear sa cheantar agus tá pleananna agus mionsonraí na mbeart atá beartaithe ar fáil lena n-iniúchadh ar líne ar shuíomh gréasáin Thairseach Chomhairliúcháin Phoiblí na Comhairle (http://consult.sdublincoco.ie) le linn na tréimhse ón 21 Bealtaine 2026 go dtí an 18 Meitheamh 2026.

**Aighneachtaí:**

Is féidir aighneachtaí a dhéanamh leis an táb **Comhairliúchán** i dtairseach chomhairliúcháin Chomhairle Contae Átha Cliath Theas. Ní cheadaítear ach aighneacht amháin in aghaidh an teaghlaigh. **Ní féidir oibreacha a aisiompú a luaithe agus a bheidh tús curtha leo.** Is féidir do chuid aighneachtaí maidir leis na hoibreacha beartaithe a dhéanamh mar seo a leanas;

- Ar **shuíomh gréasáin Thairseach Chomhairliúcháin Phoiblí** Chomhairle Contae Átha Cliath Theas http://consult.sdublincoco.ie faoi Comhairliúchán faoin 5:00 i.n. an 18 Meitheamh 2026.
- I scríbhinn chuig **Oifigeach Feidhmiúcháin Sinsearach, An Rannán Bóithre, Talamhúsáid, Pleanáil agus Iompar, Halla an Chontae, Tamhlacht, Baile Átha Cliath 24,** le bheith faighte **ar 5:00in nó roimhe sin an 18 Meitheamh 2026,** ba cheart lipéad a bheith ar na haighneachtaí **"Maolú Tráchta Beartaithe sa Bhriotás faoin Scéim um Athghiniúint Uirbeach".**

Ná déan d'aighneacht ach ar cheann de na modhanna thuas amháin. Ní dhéanfar a mheas ach aighneachtaí a fhaightear ar an mbealach atá leagtha amach thuas. Ní féidir glacadh le haighneachtaí in aon fhormáid eile nó chuig aon seoladh poist eile.

Breithneofar gach aighneacht a gheofar agus beidh siad mar chuid de thuarascáil an Phríomhoifigigh Feidhmiúcháin maidir leis an bpróiseas comhairliúcháin phoiblí a chuirfear faoi bhráid na Comhairle.

Ba cheart a thabhairt faoi deara go bhfuil feidhm ag an Acht um Shaoráil Faisnéise, 1997 - 2006 (arna leasú) maidir le gach taifead atá i seilbh Chomhairle Contae Átha Cliath Theas.

Is féidir breathnú ar Ráitis Phríobháideachais um Shonraí Pearsanta de chuid Chomhairle Contae Átha Cliath Theas ar **www.sdcc.ie** agus coinneofar na sonraí pearsanta ar fad de réir na gceanglas reachtúil.

**Web: www.sdcc.ie**